StudentBounty.com

Rewarding Learning

U... ...aid

| | |
|---|---|
| 71 | |

Uimhir Iarrth...

General Certificate of Secondary Education
2009

# Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

## Gearrchúrsa

## Ardsraith

**[G5302]**

**DÉ MÁIRT 19 BEALTAINE, IARNÓIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin ar an cheistpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **ceithre** cheist **déag**.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 140 an marc iomlán don pháipéar seo, le 7 mharc ar a mhéad san áireamh ag dul do chaighdeán na cumarsáide scríofa.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| CCS | |
| **Marc Iomlán** | |



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**Freagair gach ceann de na ceithre cheist déag**

**Do cheist 1 cuir isteach an litir chuí sa spás chuige sin.**

1 **(a)** Roghnaigh an gléas ionchurtha **is cuí** le haghaidh líniú saorlámhach ar phacáiste grafaice.

**A** Luch

**B** Méarchlár

**C** Solaspheann

**D** Scanóir láimhe

Freagra ___________ [1]

**(b)** Roghnaigh an gléas aschurtha **is cuí** le cóip chrua d'admháil a dhéanamh ag scipéad ollmhargaidh.

**A** Printéir

**B** TLC (LCD)

**C** Breacaire

**D** AFT (VDU)

Freagra ___________ [1]

**(c)** Roghnaigh an gléas stórála **is cuí** le pictiúir a stóráil ar fhón póca.

**A** Cárta MAR (SIM)

**B** Cárta Líonra

**C** Cárta Cuimhne

**D** Cárta grafaice

Freagra ___________ [1]



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Roghnaigh tasc **amháin** nach féidir a dhéanamh agus baincéireacht ar líne ar bun.

**A** Airgead á chur i dtaisce

**B** Seicleabhar nua á ordú

**C** Billí á n-íoc

**D** Dochair dhíreacha á gcur ar ceal

Freagra ___________ [1]

**(e)** Roghnaigh buntáiste **amháin** as grafaicí a stóráil i bhformáid ghiotánmhapach.

**A** Comhthógtar íomhánna ina gcisil

**B** Bíonn caighdeán na híomhá go maith

**C** Is féidir íomhánna a chur in eagar ag leibhéal na bpicteilíní

**D** Ní ghlacann íomhánna ach fíorbheagán de spás stórála

Freagra ___________ [1]

**(f)** Maidir le brabhsálaí gréasáin de:

**A** Ceadaíonn sé d'úsáideoirí téacs a mhéadú, ní féidir é a úsáid mura bhfuil sé nasctha leis an Idirlíon, ceadaíonn sé d'úsáideoirí AAAí (URLs) a iontráil.

**B** Ceadaíonn sé d'úsáideoirí téacs a mhéadú, is féidir é a úsáid gan é a bheith nasctha leis an Idirlíon, ceadaíonn sé d'úsáideoirí AAAí (URLs) a iontráil.

**C** Ní cheadaíonn sé d'úsáideoirí téacs a mhéadú, is féidir é a úsáid gan é a bheith nasctha leis an Idirlíon, ceadaíonn sé d'úsáideoirí AAAí (URLs) a iontráil.

**D** Ní cheadaíonn sé d'úsáideoirí téacs a mhéadú, ní féidir é a úsáid mura bhfuil sé nasctha leis an Idirlíon, ní cheadaíonn sé d'úsáideoirí AAAí (URLs) a iontráil.

Freagra ___________ [1]



www.StudentBounty.com

**(g)** Is é atá i gceist le postchumasc a dhéanamh:

**A** Sonraí a chumasc ó bhunachar sonraí ar litir agus litreacha oiriúnaithe a dhéanamh.

**B** Téacs a chumasc ó dhá litir le litreacha oiriúnaithe a dhéanamh.

**C** Bunachar sonraí a úsáid le litir oiriúnaithe a chur chuig grúpa daoine.

**D** Litir oiriúnaithe a chur.

Freagra ___________ [1]

**(h)** Is é is **UMB (ATM)**:

**A** Uathmheasín Bainc is féidir a úsáid le fóin phóca áirithe a bhreisiú.

**B** Uathmheasín Bainc is féidir a úsáid le cuntas bainc a oscailt.

**C** Uathmheasín Brabúis is féidir a úsáid le roinnt fón póca a bhreisiú.

**D** Uathmheasín Brabúis is féidir a úsáid le cuntas bainc a oscailt.

Freagra ___________ [1]

**(i)** Is é is córas oibriúcháin ríomhaire:

**A** Crua-earraí a bhainistíonn an chumarsáid idir an t-úsáideoir agus an ríomhchóras.

**B** Bogearraí a bhainistíonn an chumarsáid idir an t-úsáideoir agus an ríomhchóras.

**C** Crua-earraí a chruthaíonn ríomhcláir atá le húsáid ag an úsáideoir agus an ríomhchóras.

**D** Bogearraí a chruthaíonn ríomhchláir atá le húsáid ag an úsáideoir agus an ríomhchóras.

Freagra ___________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |



www.StudentBounty.com

**(j)** Ceadaíonn an fhormáid comhaid **acd** (csv):

**A** Grianghraf a stóráil agus a iompórtáil isteach i bpacáiste grafaice.

**B** Téacs a stóráil agus a iompórtáil isteach i mbunachar sonraí.

**C** Ceol a stóráil agus a iompórtáil isteach i seinnteoir mp3.

**D** Físeán a stóráil agus a iompórtáil isteach i seinnteoir mp4.

Freagra ___________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** Úsáidtear ríomhairí anois le cuid mhór cineálacha córas a rialú, amhail téamh lárnach i bhfoirgnimh agus córais soilse tráchta. Úsáideann na córais rialaithe seo **braiteoirí** agus **lúba aisfhotha**. Úsáidtear **comhéadan** fosta a chuidíonn le próiseáil na sonraí.

**(a)** Liostaigh braiteoir **amháin** a d'úsáidfí sa chóras soilse tráchta.

______________________________________________________________ [1]

**(b)** Mínigh an fheidhm atá le **braiteoir** i gcóras rialaithe ar bith.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(c)** Cad é ról an **chomhéadain** i gcóras rialaithe ar bith?

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(d)** Cad é feidhm an **aisfhotha** i gcóras rialaithe an téimh lárnaigh?

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]



www.StudentBounty.com

**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann na ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**



**[Tiontaigh an leathanach**

www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** Is múinteoir TFC é Marcas. Ba mhaith leis ríomhaire a úsáid a chuideodh leis ábhar oiliúna a chruthú.

**(a)** Ón liosta thíos roghnaigh an fhormáid comhaid **is cuí** do gach aschur a dhéanfaidh Marcas. (Ná húsáid gach formáid comhaid **ach aon uair amháin**.)

**mp3 bmp doc tiff gif avi xls**

| Aschur | Formáid Comhaid |
|---|---|
| Cóipeanna clóbhuailte de threoracha le haghaidh úsáid scarbhileog | |
| Comhad fuaime dá ghuth ag tabhairt treoracha ar úsáid bunachar sonraí | |
| Ranganna ar fhíseáin ar úsáid an phróiseálaí focal | |

[3]

Shocraigh Marcas ar shuíomh gréasáin a bhunú leis an ábhar oiliúna aige a dhíol.

**(b)** Luaigh **dhá** bhuntáiste do Mharcas a spreagfadh é seo a dhéanamh.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ [2]



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Beidh crua-earraí agus bogearraí de dhíth ar Mharcas le nasc a dhéanamh leis an Idirlíon.

**(c)** Ón liosta a scríobh sé thíos, ticeáil (✓) na **3** earra **nach** mbeidh **de dhíth air** leis an Idirlíon agus le leathanaigh ghréasáin a rochtain.

| Trealamh | Ticeáil (✓) |
|---|---|
| Próiseálaí focal | |
| Brabhsálaí | |
| MÓIDEIM | |
| Comhaid HTML | |
| Nasc leathanbhanda | |
| Scarbhileog | |

[3]

Aistreoidh Marcas comhaid go dtí an tIdirlíon.

**(d)** Liostaigh prótacal **amháin** a thacóidh leis seo.

______________________________________________________ [1]

**(e)** Luaigh píosa **amháin** comhairle do Mharcas a chinnteoidh go lódálfaidh a shuíomh gréasáin go gasta agus custaiméir ag amharc air.

______________________________________________________

______________________________________________________ [1]

Socraíonn Marcas a chuid táirgí a dhíol ar **DDI** (DVD) ó sheastán san ionad siopadóireachta áitiúil.

**(f)** Forbair an t-acrainm **DDI** (DVD).

______________________________________________________ [1]



www.StudentBounty.com

**4** Tá oifig dlíodóirí aitiúil i ndiaidh **LAL** (Líonra Achair Lóganta) (**LAN**) nua a shuiteáil. Tá 30 ríomhaire agus freastalaí sa LAL (LAN), agus féadann suas le 10 ríomhaire glúine gan sreang nascadh leis. Cuireann an LAL (LAN) rochtain Idirlín ar fáil do na dlíodóirí fosta.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(a) (i)** Luaigh **dhá** bhuntáisté as líonra a bheith in oifig na ndlíodóirí.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]

Bíonn costas mór le líonraí.

**(ii)** Luaigh míbhuntáiste **amháin** eile as líonra a shuiteáil san oifig.

______________________________

______________________________ [1]

**(iii)** Liostaigh **3** fheidhm leis an **fhreastalaí** ar líonra.

1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________ [3]

**(b)** Luaigh **dhá** dhóigh a n-úsáidfeadh na dlíodóirí rochtain Idirlín **le cuidiú leo ina gcuid oibre**.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]



www.StudentBounty.com

Ba mhaith le dlíodóir amháin acu a ríomhaire boise gan sreang a úsáid agus cuairt á tabhairt aici ar chliaint.

**(c)** Cad é an t-ainm ceart atá ar an phrótacal a thacóidh leis an ghníomhaíocht seo?

(**Ná** ticeáil **ach aon** fhreagra **amháin**)

| Prótacal | Ticeáil (✓) |
|---|---|
| Prótacal Féidearthachtaí do Ghluaiseacht gan Sos | |
| Prótacal Feidhmiúcháin do Ghléasanna gan Sreang | |
| Prótacal Foghraíochta do Ghairmeacha gan Stad | |
| Prótacal Féidearthachtaí do Ghléasanna gan Stad | |

[1]

Moladh do na dlíodóirí san oifig úsáid a bhaint as **físchomhdháil** le cruinniú a bheith acu le dlíodóirí i dtíortha eile.

**(d)** **(i)** Cad é is **físchomhdháil** ann?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

Tá a fhios ag bainisteoir na hoifige go bhfuil ríomhaire agus nasc cumarsáide de dhíth le físchomhdháil a dhéanamh.

**(ii)** Liostaigh **3** ghaireas eile a bheadh de dhíth leis an tsaoráid seo a chur ar fáil san oifig.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________

3. ______________________________________________ [3]



www.StudentBounty.com

**(iii)** Mínigh do bhainisteoir na hoifige an dóigh a rachaidh **leithead banda** an naisc chumarsáide i bhfeidhm ar an fhíschomhdháil.

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________ [2]

**(iv)** Luaigh **dhá** bhuntáiste do na dlíodóirí as físchomhdháil a úsáid de rogha ar ríomhphost agus ar chomhráite gutháin le labhairt le dlíodóirí i dtíortha eile.

1. ______________________________________________________

______________________________________________________

2. ______________________________________________________

______________________________________________________ [2]

Tá **meaisín facsála** ag an chomhlacht le roinnt blianta anuas.

**(e)** Luaigh **úsáid amháin** don mheaisín facsála nuair nach dócha go n-úsáidfear ríomhphost in oifig na ndlíodóirí.

______________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** Ní féidir le comhlacht, STÁISIÚNCHLUICHE TEO, a fhorbraíonn bogearraí cluichí, daoine a bhfuil na scileanna cearta acu a fháil sa limistéar áitiúil. Shocraigh siad ar chonarthaí **teile-oibrithe** a thairiscint.

**(a)** **(i)** Cad é is **teile-oibriú** ann?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Luaigh **dhá** dhóigh a gcuideodh teile-oibriú le comhlacht sa chás seo.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(b)** Tá STÁISIÚNCHLUICHE TEO le fógra a chur ar an Idirlíon a léireoidh na buntáistí as teile-oibriú d'fhostaithe.

**(i)** Liostaigh **dhá** bhuntáiste **d'fhostaithe** as teile-oibriú.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Luaigh **dhá** mhíbhuntáiste **don chomhlacht** as teile-oibriú.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ [2]



**[Tiontaigh an leathanach**

www.StudentBounty.com

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
| --- | --- |

Tá cluiche **ionsamhlúcháin** tiomána do RP (PC) á fhorbairt ag STÁISIÚNCHLUICHE TEO. Tá grafaicí ardchaighdeáin agus 14 leibhéal aige. Féadann imreoirí rogha a dhéanamh as 150 carr.

**(c)** Cén chomhairle a thabharfá d'imreoirí faoin **CRR** (RAM) agus faoin **mhonatóir** ar a RP (PC)?

CRR (RAM): ______________________________________________

______________________________________________


______________________________________________ [2]

Monatóir: ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

Shocraigh STÁISIÚNCHLUICHE TEO ar an chluiche a chur ar fáil ar líne. Ní mór d'imreoirí an fhoirm ar líne thíos a líonadh isteach.



STÁISIÚNCHLUICHE TEO CLÁRÚ AR LÍNE

Ainm

Sloinne

Uimhir Tí

Sráid

Baile Mór

Postchód

Dáta Breithe

Gnéas — Fireannach / Baineannach

Ríomhphost

Cuir Isteach



www.StudentBounty.com

Rinne tuismitheoirí gearán go bhfuil sonraí pearsanta san fhoirm.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** **(i)** Cén dlí a chaithfidh STÁISIÚNCHLUICHE TEO a chomhlíonadh agus sonraí pearsanta á mbainistiú acu?

_______________________________________________ [1]

Dhíol STÁISIÚNCHLUICHE TEO sonraí na mball a imríonn an cluiche le comhlacht i SAM agus fuair roinnt ball amach nach bhfuil na sonraí a choinnítear orthu ceart.

**(ii)** Luaigh cén **dá** phrionsabal den dlí a sáraíodh ag STÁISIÚNCHLUICHE TEO.

1. _______________________________________________

_______________________________________________

2. _______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(iii)** Abair gur mhaith leis na tuismitheoirí beart a dhéanamh maidir leis an dóigh a mbainistíonn STÁISIÚNCHLUICHE TEO a gcuid sonraí, cén **feidhmeannach** a ndéanfadh siad gearán leis?

_______________________________________________ [1]

Moladh do STÁISIÚNCHLUICHE TEO **Rialaitheoir Sonraí** a cheapadh le ceisteanna ó **Ábhair Shonraí** a bhainistiú.

**(iv)** Mínigh an **dá** théarma faoi chló trom.

**Rialaitheoir Sonraí** _______________________________________________

_______________________________________________

**Ábhar Sonraí** _______________________________________________

_______________________________________________ [2]



**[Tiontaigh an leathanach**

www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

6 Tá óstáin ag Óstáin Saoire i bpríomhchathracha san Eoraip. Féadtar áirithintí a dhéanamh ar líne, trí ríomhphost, ar ghuthán, nó tríd na háirithintí lárnacha a fhacsáil.

Cuireann Óstáin Saoire tairiscintí speisialta ar fáil ar líne.

**(a)** **(i)** Luaigh buntáiste **amháin** eile **don chustaiméir** as óstán a chur in áirithe ar líne.

______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh míbhuntáiste **amháin don chomhlacht** as córas áirithintí ar líne a úsáid.

______________________________________________ [1]

**(iii)** Luaigh fáth **amháin** a roghnódh custaiméir áirithint a dhéanamh ar an ghuthán.

______________________________________________ [1]

Chomh maith leis an Ghréasán Domhanda (WWW) agus an tIdirlíon a úsáid ar son gnó, cuireann an comhlacht **Inlíon** ar fáil d'fhostaithe.

**(b)** **(i)** Ticeáil (✓) **3** cinn de na ráitis seo a leanas atá fíor faoin Ghréasán Domhanda (WWW) agus faoin Idirlíon.

| Ráiteas | Ticeáil (✓) |
|---|---|
| Is é an t-eolas atá stóráilte ar an Idirlíon é an Gréasán Domhanda (WWW) | |
| Is foireann de sheoltaí gréasáin é an tIdirlíon | |
| Is gréasán de ríomhairí agus nascanna cumarsáide é an tIdirlíon | |
| Is foireann de sheoltaí gréasáin é an Gréasán Domhanda (WWW) | |
| Tá brabhsálaí gréasáin de dhíth leis an Ghréasán Dhomhanda (WWW) a rochtain | |

[3]



www.StudentBounty.com

**(ii)** Cad é is **Inlíon** ann?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(iii)** Cuir síos ar **dhá** dhóigh a n-úsáidfeadh an comhlacht an tInlíon **ar leas na bhfostaithe**.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**7** Tá comhlacht beag clódóireachta á reáchtáil ag Barra. Ba mhaith leis sonraí ar a chuid cliant a stóráil i mbunachar sonraí.

**(a)** Comhlánaigh an t-alt seo a leanas leis na focail thíos.
**Ná húsáid gach focal ach aon uair amháin.**

**TUAIRISC TAIFID CRITÉIR FOIRMEACHA RÉIMSÍ TÁBLA**

Stóráiltear sonraí i dtáblaí de ____________. Déantar gach taifead de ____________. Céadaíonn pacáiste bunachar sonraí d'úsáideoirí sonraí a cheistiú a chomhlíonann ____________. Is féidir ____________ a úsáid le sonraí a ghabháil ar scáileán. [4]



www.StudentBounty.com

Ba mhaith le Barra na sonraí seo a leanas a stóráil ar a chuid cliant.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| **Sonraí** | |
|---|---|
| Teideal | An tUasal |
| Ainm | Barra Mac Grianna |
| Seoladh | 1 Bóthar Fada |
| Postchód | BT56 9II |
| Uimhir ghutháin | (020)-344-999 |
| Dáta an chéad ordaithe | 12/12/2008 |
| Tosaíocht | Is é |
| Ráta Lascaine | 10% |

**(b) (i)** Ba mhaith le Barra an tábla a shórtáil. Luaigh réimse le haghaidh **sórtála** a chuideoidh le Barra seachadtaí ar chustaiméirí a ghrúpáil.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Cén dóigh a n-úsáidfeadh Barra an réimse **Ráta Lascaine** agus orduithe á bpróiseáil aige?

_______________________________________________ [1]

**(iii)** Cén ghné de bhunachar sonraí a d'úsáidfeadh Barra leis na custaiméirí **Tosaíochta** uile a roghnú?

_______________________________________________ [1]

**(iv)** Níl **eochair-réimse** i mbunachar sonraí Bharra. Cén fheidhm atá le **heochair-réimse**?

_______________________________________________ [1]



www.StudentBounty.com

**8** Is comhlacht beag é "Limisíní Clarendon" a chuireann Limisíní ar fáil ar cíos. Tá ceithre charr acu. Anseo thíos tá cuid de scarbhileog ar a bhfuil faisnéis a bhaineann lena gcuid carranna ar cíos do mhí na Samhna 2008.

| | A | B | C | D | E | F | G |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | **Limisíní Clarendon – Ioncam na Samhna 2008** | | | | | | |
| 2 | **Carr** | **Costas san uair** | **Líon uaireanta ar cíos** | **Ioncam Iomlán** | **Costas Breosla San Uair** | **Costas Breosla Iomlán** | **Brabús Iomlán do gach Carr** |
| 3 | **Feithicil bhuí Hummer** | £ 400.00 | 35 | £14000.00 | £ 100.00 | £3500.00 | £10500.00 |
| 4 | **Limisín Sínte** | £ 500.00 | 19 | £ 9500.00 | £ 120.00 | £2280.00 | £ 7220.00 |
| 5 | **Feithicil Shínte Hummer** | £ 550.00 | 9 | £ 4950.00 | £ 115.00 | £1035.00 | £ 3915.00 |
| 6 | **Cadillac bándearg** | £ 700.00 | 10 | £ 7000.00 | £ 140.00 | £1400.00 | £ 5600.00 |
| 7 | | | | | | | |
| 8 | | | | | | **Brabús Iomlán** | **£27235.00** |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(a)** Rinneadh cealla **A8:F8** a: (*ciorclaigh an freagra ceart ón liosta thíos*)

**Ghlanadh** **Chumasc** **Ghreamú** **Scriosadh** [1]

**(b)** Tagairtí ceall in úsáid agat, scríobh an **fhoirmle** a úsáidtear i ngach cill seo a leanas.

**(i) D6** ______________________________ [1]


**(ii) G6** ______________________________ [1]

**(iii) G8** ______________________________ [1]



www.StudentBounty.com

**(c)** Rinneadh an chairt thíos as sonraí ón scarbhileog.




**(i)** Liostaigh **tagairtí cille** an dá réimse cille a úsáideadh leis an chairt seo a dhéanamh.

Réimse cille 1: ______________________________

Réimse cille 2: ______________________________ [2]

**(ii)** Luaigh buntáiste **amháin** do Limisíní Clarendon as faisnéis a bhreathnú i bhfoirm cairte.

______________________________

______________________________ [1]

**(iii)** Luaigh mír **amháin** faisnéise is féidir le Limisíní Clarendon a fheiceáil tríd an chairt a scrúdú.

______________________________

______________________________ [1]

**(iv)** Seachas dath a úsáid, luaigh **dóigh** amháin a bhfeabhsófaí an chairt.

______________________________

______________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



[Tiontaigh an leathanach

www.StudentBounty.com

**(d)** Shocraigh Limisíní Clarendon ar thiománaithe a fhostú agus ní mór costas na dtiománaithe a chur sa scarbhileog.

| | A | B | C | D | E | F | G | H |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | **Limisíní Clarendon – Ioncam na Samhna 2008** | | | | | | | |
| 2 | **Carr** | **Costas san uair** | **Líon uaireanta ar cíos** | **Ioncam Iomlán** | **Costas Breosla San Uair** | **Costas Breosla Iomlán** | **Costais Tiománaí** | **Brabús Iomlán** |
| 3 | **Feithicil bhuí Hummer** | £ 400.00 | 35 | £14000.00 | £ 100.00 | £3500.00 | £1050.00 | £9450.00 |
| 4 | **Limisín Sínte** | £ 500.00 | 19 | £ 9500.00 | £ 120.00 | £2280.00 | £ 570.00 | £ 6650.00 |
| 5 | **Feithicil Shínte Hummer** | £ 550.00 | 9 | £ 4950.00 | £ 115.00 | £1035.00 | £ 270.00 | £ 3645.00 |
| 6 | **Cadillac bándearg** | £ 700.00 | 10 | £ 7000.00 | £ 140.00 | £1400.00 | £ 300.00 | £ 5300.00 |
| 7 | | | | | | | | |
| 8 | | | | | | | | **£25045.00** |
| 9 | | | | | | | | |
| 10 | | | | | | | | |
| 11 | | | | | | | | |
| 12 | | | | | | | | |
| 13 | **Costais Tiománaí san uair** | **£30.00** | | | | | | |

**(i)** Scríobh an **fhoirmle** le haghaidh cill **G6**.

G6: ______________________________ [1]

Cinneann Seán ar **dhearbhthagairt cille** a úsáid agus **Costais Tiománaí** á ríomh aige.

**(ii)** Cad é is **dearbhthagairt cille** ann?

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(iii)** Cén chill ar an scarbhileog thuas ba chóir a chur san fhoirmle mar dhearbhthagairt cille?

______________________________ [1]

**(iv)** Agus athruithe á ndéanamh ar an scarbhileog **seo,** cén dóigh a n-íoslaghdófaí obair Shéain trí dhearbhthagairt cille a úsáid?

______________________________

______________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**9** Tá próiseáil focal á cur i bhfeidhm ag Áine ar a hobair chúrsa Cheimice.

Is mian léi a huimhir iarrthóra a chur i gceanntásc agus uimhreacha leathanaigh a chur i **mbuntasc**.

**(a)** Cad é is **buntásc** ann?

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

I ndiaidh di na **huimhreacha leathanaigh** a chur leis an doiciméad téann sí isteach sa chumraíocht leathanaigh agus roghnaíonn sí rogha le haghaidh ceanntásc agus buntásc difriúla don chéad leathanach.

**(b)** Luaigh fáth **amháin** a ndéanfadh sí seo.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

Chóipeáil Áine grafaic ón Idirlíon. Nuair a cliceáiltear é tugtar go huathoibríoch í chuig an suíomh gréasáin bunaidh.

**(c)** Cad é a dhéanfadh sí le nach dtarlódh sé seo?

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

Nuair a chuireann Áine an seiceálaí litrithe ar siúl, aibhsítear a lán focal atá litrithe mar is ceart.

**(d)** Luaigh fáth **amháin** a n-aibhseodh an seiceálaí litrithe na focail seo.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

**(e)** Luaigh sampla **amháin** nuair **nach n-aibhseodh** an seiceálaí litrithe focal atá litrithe go mícheart.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]



www.StudentBounty.com


**10** Bíonn tithe á ndíol ag **Gníomhaireacht Eastáit na Gréine** fud fad an domhain. Ba mhaith le fostaí dá gcuid ríomhphost a chur chuig an bhainisteoir aici ag bainisteoir@gníomhaireachteastáit.co.ie.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(a)** Léigh agus críochnaigh an ríomhphost seo a leanas chuig an bhainisteoir sa dóigh:

**(i)** Go bhfuil an ríomhphost á chur ag an fhostaí chuig an duine ceart agus [1]

**(ii)** Go mbeidh a fhios ag an duine a gheobhaidh an ríomhphost cad é is ábhar dó sula n-osclófar é. [1]




Cuireann an rabhadh a thaispeántar ar an ríomhphost in iúl don fhostaí gur **féidir nach dtaispeánfar na Ceangaltáin i gceart**.

**(b)** Luaigh fáth **amháin** nach dtaispeánfaí ceangaltáin i gceart nuair a d'osclódh an faighteoir iad.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]




www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |


Caithfidh an gníomhaire cóip den ríomhphost a chur chuig na hUaisle Ó Riain agus an bhainisteoir, ach níor mhaith léi go bhfeicfeadh siad seoladh ríomhphoist an bhainisteora.

**(c)** Scríobh seoladh an bhainisteora san áit cheart sa chuid sin den ríomhphost a thaispeántar thíos.




[1]

**(d)** Ba mhaith leis an fhostaí a fhios a bheith aici nuair a osclófar an ríomhphost, ach níl a fhios aici ar chóir di "Read receipt requested" nó "Delivery receipt requested" a roghnú.




**(i)** Mínigh an difear idir an dá rogha.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Luaigh cén rogha is cóir di a roghnú sa dóigh go mbeidh a fhios aici gur osclaíodh an ríomhphost.

______________________________________________ [1]




www.StudentBounty.com

**LEATHANACH BÁN**



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**11** Tá siopa nua á oscailt ag an Uasal S. de Brún. Ba mhaith leis córas **RAADP** (EFTPOS) sa siopa aige.

**(a)** Forbair an t-acrainm **RAADP** (EFTPOS).

______________________________________________________________

______________________________________________________________[1]

**(b)** Mínigh an difear idir **DPL** (EPOS) agus **RAADP** (EFTPOS).

______________________________________________________________

______________________________________________________________[1]

**(c)** Liostaigh **dhá** mhíbhuntáiste d'úinéir siopa as **gan** RAADP (EFTPOS) a bheith sa siopa aige.

1. ____________________________________________________________[1]

2. ____________________________________________________________[1]

**(d)** Comhlánaigh na habairtí seo a leanas tríd an **fhocal (na focail) is cuí** a chur sna spásanna chuige sin. **Cuir freagra difriúil i ngach spás.**

**bíp** **bunachar sonraí** **cur síos** **praghas** **scanóir** **cúntóir**

Léitear barrachóid ar tháirgí ag ________________. [1]

Úsáidtear an barrchód le ________________ a chuardach don earra. [1]

Nuair a aimsítear an táirge aschuirtear ________________. [1]

Cuirtear praghas agus ________________ le hadmháil mhiondealaithe. [1]


**(e)** *Seachas Cód Táirge*, liostaigh mír sonraí **amháin** a stóráiltear ar bharrachód táirge.

______________________________________________________________[1]



www.StudentBounty.com

**12** Tá suíomh gréasáin á dhearadh ag Maighréad do chlub spóirt a mic. Tá na leathanaigh seo a leanas ag an suíomh a rinne sí:




Níl Maighréad cinnte cén fhormáid ba chóir di a úsáid agus na leathanaigh ghréasáin á sábháil aici.

**(a)** Ticeáil (✓) rogha **amháin** thíos **nach** formáid comhaid chuí é lena húsáid agus leathanaigh ghréasáin á sábháil.

| **Formáid Comhaid** | **Ticeáil (✓)** |
|---|---|
| .htm | |
| .http | |
| .html | |

[1]

Nuair a bhíonn an suíomh gréasáin críochnaithe aici ní thástálann sí é ach ar **aon** bhrabhsálaí gréasáin amháin.

**(b)** Cad chuige nach smaoineamh maith é seo?

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |



www.StudentBounty.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Nuair a uaslódálann sí an suíomh agus a osclaíonn sí Gailearaí na nGrianghraf feiceann sí an íomhá thíos seachas cuid de na pictiúir a raibh sí ag dúil leo.



**(c)** Luaigh fáth **amháin** a dtarlódh sé seo.

______________________________________________________________

______________________________________________________________[1]

Ba mhaith le Maighréad píosa scannáin de sheisiún traenála a chur le Leathanach Fáilte an tsuímh ghréasáin.

**(d)** Luaigh míbhuntáiste **amháin** as físeáin a chur le leathanach gréasáin.

______________________________________________________________

______________________________________________________________[1]

Is féidir leo siúd atá ag iarraidh faisnéise ar an chlub ceachtar acu foirm a chomhlánú ar an Leathanach Teagmhála nó ríomhphost a chur chuig rúnaí an chlub.

**(e)** Luaigh buntáiste **amháin** don chlub as foirmeacha a úsáid le sonraí ar fhiosrúcháin a bhailiú seachas cead a thabhairt do dhaoine ríomhphost a chur chuig an rúnaí.

______________________________________________________________[1]

Daoine ar mhaith leo a bheith ina mbaill den chlub caithfidh siad foirm iarratais **fdi** (**pdf**) a íoslódáil ón suíomh gréasáin.

**(f)** Luaigh míbhuntáiste **amháin** as foirm iarratais a chur ar fáil i bhformáid fdi (pdf).

______________________________________________________________[1]



www.StudentBounty.com

**13** Úsáideadh teimpléad as bogearraí Foilsitheoireacht Deisce leis an fhéilire thíos a dhéanamh.



SAMHAIN 2008

| L | M | C | D | A | S | D |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | 1 | 2 |
| 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 |
| 10 | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 |
| 17 | 18 | 19 | 20 | 21 | 22 | 23 |
| 24 | 25 | 26 | 27 | 28 | 29 | 30 |

**(a)** Cén treoshuíomh leathanaigh a úsáideadh?

_______________________________________________ [1]

**(b)** Luaigh gné **amháin** atá ar fáil i bhFoilsitheoir Deisce a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca d'úsáideoirí foilseacháin a dhéanamh.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |



www.StudentBounty.com

**14** Na téarmaí sa liosta thíos in úsáid agat, roghnaigh téarma **amháin** is fearr a mheaitseálann an sainmhíniú sa cholún chlé (ní úsáidfear na focail uile sa liosta).

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Víreas** | **Picteilín** | **PAHT (**HTTP) | **Diosca Crua** |
| **CD-Rom** | **Analóg** | **Criptiú** | **GAS (**RSI) |
| **Taifeach** | **Digit Seiceála** | **Scanóir** | **Prótacal** |
| **Digiteach** | **SSI** (ISP) | **Bradaíl** | |

| **Sainmhíniú** | **Téarma** |
|---|---|
| Clár a dearadh le dochar a dhéanamh do chóras ríomhaire. | |
| Digit a chuirtear le tús nó deireadh uimhreach lena fhíorú gur cód ceart í an uimhir a iontráiltear. | |
| Dóigh le sonraí a ionchódú sula dtarchuirtear iad ar líonra. | |
| Comhlacht a chuireann nasc Idirlín ar fáil don úsáideoir. | |
| Tomhas ar cháilíocht íomhá. | |
| Gaireas a úsáidtear le sonraí a ghabháil trí sholas a chur thar an íomhá. | |
| Gaireas stórála optúil. | |
| Gortú a tharlaíonn mar gheall ar na matáin rosta céanna a úsáid arís agus arís eile. | |
| Sraith rialacha a rialaíonn an dóigh a dtarchuirtear sonraí ar líonra. | |
| Ainm a úsáidtear le cur síos ar shonraí a choinnítear mar 1-anna agus 0-anna. | |

[10]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |
| Caighdeán na cumarsáide scríofa | |
| | |



www.StudentBounty.com

www.StudentBounty.com